Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Eanáir 2019**
**(OR. en)**

**5441/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0218(COD)**

**AGRI 25**
**AGRIFIN 2**
**AGRIORG 2**
**AGRILEG 11**
**CODEC 122**
**CADREFIN 23**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9556/18 + REV 1 (en, de, fr) + COR 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach ar tháirgí fíona cumhraithe, Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach<br>- Faisnéis ón Uachtaránacht |

1. Ar an 1 Meitheamh 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún trí thogra reachtacha le haghaidh an CBT a bheidh ann amach anseo. Mar chuid den Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí, moladh roinnt athruithe ar na forálacha a bhaineann le hearnáil an fhíona. Orthu sin, is é an togra maidir le cineál na bhfíonta an ceann is conspóidí, is cosúil. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an fhéidearthacht a thabhairt do na Ballstáit agus d'earnáil an fhíona úsáid a bhaint as na cineálacha seo a leanas:

- cineálacha a bhaineann leis an speiceas *Vitis labrusca*;

- na cineálacha *Noah, Othello, Isabelle, Jacquez, Clinton* agus *Herbemont*, a bhíodh faoi thoirmeasc blianta ó shin ar chúiseanna nach slán feasta dar le drong;

- cineálacha idirspeicis hibrideacha de chuid *Vitis vinifera*, mar aon le speicis eile de chuid *Vitis* a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu, mar is amhlaidh cheana féin i gcás tásca geografacha faoi chosaint.

Cúinsí eacnamaíoch agus comhshaoil is bonn údair ag an gCoimisiún leis an bhféidearthacht seo a thabhairt isteach. Go deimhin, is minic gur fearr in ann ag an athrú aeráide cineálacha hibrideacha agus cineálacha de chuid *Vitis labrusca*, rud a chiallaíonn go praiticiúil gur fearr a mhairfidh siad sa drochaimsir – idir thriomach is teas mór. I mórán gach cás, is fearr in ann iad ag galair, lena n-áirítear galair agus lotnaidí coitianta a bhuaileann an fíonchaor amhail an choincleach chlúmhach, an choincleach phúdrach, botraíteas, agus fiollacsara. Bíonn tionchar díreach ag an tsaintréith sin ar chainníocht na lotnaidicídí a úsáidtear ionas gur féidir an chainníocht a laghdú go mór, rud a fhágann lorg dearfach ar an gcomhshaol agus ar chorrlach brabúis na bhfeirmeoirí.

2. Is ag an Meitheal um Tháirgí Talmhaíochta, Meán Fómhair 2018, a pléadh den chéad uair na forálacha a bhaineann le cúrsaí fíona, go sonrach, ceisteanna faoi chineál na bhfíonta. Léirigh na toscaireachtaí, ó bhéal agus i scríbhinn, go raibh siad go mór i gcoinne an togra seo; luaigh siad an baol a bhí ann go dtiocfadh ann do rioscaí sláinte agus fíteashláintíochta dá dtabharfaí isteach na cineálacha seo. Pléadh an scéal arís ag cruinniú den Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) i Samhain na bliana 2017 agus mhol Uachtaránacht na hOstaire trí cheist ar mhaithe le measúnú níos beaichte a dhéanamh ar leibhéal na tacaíochta a bhí ann do gach ceann de na trí fho-shaincheist a bhí sa togra ón gCoimisiún. Ba léir ón bplé go raibh dhá thuairim ann: tuairim na dtíortha sin ina dtáirgtear fíon (agus iad go mór i gcoinne an togra ón gCoimisiún) agus an tuairim a bhí ag an gcuid eile de na Ballstáit (a bhí solúbtha, sin nó an-sásta glacadh leis). Cúinsí comhshaoil ba phríomhchúis ag na toscaireachtaí a bhí sásta tacú leis an togra, mar aon le heaspa fianaise a léireodh aon riosca sláinte faoi mar a maíodh san am a caitheadh. Anuas air sin, tharraing roinnt de na toscaireachtaí aird ar an méid seo: de réir an togra ón gCoimisiún, níorbh éigean ach rogha do na Ballstáit cineálacha den sórt sin a údarú, rogha ba cheart a bheith ar fáil, dar leo. Ar na hargóintí a luaigh na tíortha sin a bhí i gcoinne an togra, bhí go n-ísleofaí caighdeáin cháilíochta is infheidhme d'fhíon na hEorpa.

3. Ag an seimineár a d'eagraigh Uachtaránacht na hOstaire faoi chúrsaí fíona i mí na Nollag 2018, chuir roinnt cainteoirí fíricí eolaíocha agus staire i láthair chun léiriú a thabhairt ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bheadh le tabhairt isteach na gcineálacha seo.

Ar láimh amháin, d'fhéadfadh buntáiste a bheith ag idir tháirgeoirí agus tomhaltóirí as na cineálacha sin mar go laghdófaí go mór cainníocht na lotnaidicídí a úsáidtear, rud a d'fhágfadh lorg dearfach ar an gcomhshaol agus ar chorrlach brabúis na bhfeirmeoirí.

Ina choinne sin, leagadh béim ar an méid seo: dá gceadófaí fíonchaora de chuid *Vitis labrusca* agus na sé cinn atá faoi thoirmeasc, d'ísleofaí cáilíocht na dtáirgí fíona ionas go bhféadfaí dochar a dhéanamh do chlú na bhfíonta Eorpacha, clú a gnóthaíodh le mórchuid dua agus le hacmhainní airgeadais nach suaill. Na fíonta a tháirgtear as na cineálacha sin, is fíonta iad nach dtagann lena mbíonn súil ag tomhaltóirí na hEorpa agus an domhain leis ó thaobh cáilíochta agus iomaíochais.

Ar deireadh, sa chur i láthair a tugadh ar fhrithsheasmhacht na bhfíonchaor i gcoinne galair, agus ar an gcuma a bheidh ar fhíonghoirt amach anseo, leagadh béim ar an méid seo: an ról a bheidh ag an taighde agus nuálaíocht a dhéanfar feasta san earnáil, agus ar an ngá atá ann cineálacha géiniteacha frithsheasmhacha nua a aimsiú d'fhonn gníomhú i gcoinne cuid de na drochghnéithe a bhaineann le húsáid lotnaidicídí. A bhuí leis an dul chun cinn i gcúrsaí teicneolaíochta agus leis an saineolas, tá an-phoitéinseal anois ann don fhíonsaothrú agus chun cineálacha inbhuanaithe nua a chruthú a thiocfadh chun oiriúna le dálaí agranamaíochta agus a d'fhéadfaí a roghnú i gceart bunaithe ar chritéir um bhlaiseadh cháilíochta fíona.

*

* *

Ós amhlaidh atá, iarrtar ar an hAirí a bheidh ag an gComhairle ar an 28 Eanáir páirt a ghlacadh sa mhalartú tuairimí bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:

*C1: I bhfianaise na n-argóintí a cuireadh i láthair ag an seimineár fíona agus sna doiciméid a dáileadh ina dhiaidh, an mbeifeá sásta go n-osclófaí an margadh d'fhíonchaora de chuid Vitis labrusca mar aon leis na sé gcineál atá faoi thoirmeasc? Nó arbh fhearr leat cloí leis an status quo i dtaca leis na fíonchaora sin?*

*C2: I bhfianaise na chéad cheiste, an aontaíonn tú go bhféadfaí an cineál fíona a d'eascródh as Vitis vinifera a chrosphórú le Vitis a údarú i gcás fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint acu?*